AMÁRAĊ

3d

Iml. 11. Uiṁ. 38. Dé hAoine, 29ú D. Fóṁair, 1965

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúil na Gaeltaċta.
Ábhar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Eagar Ḟocal

29-10-1965.

AN TSEAĊTAIN SEO CAITE, ḃí an tOireaċtas ar siúl i mBaile Áṫa Cliaṫ. Is ócáid mór le rá í seo, agus cé go ḃfuil an dul agus an móḋ céanna ar an ḟéile, le scór bliain nó mar sin, líonann sé béarna, agus comhlíonann sé cuspóir i ngluaiseaċt aṫḃeoċána frid an Galltaċt. Beir sé ionad caidriṁ, agus caiṫeaṁ aimsire do Ġaeil agus beir sé aiméar do luċt polaitíoċta fosta, a gceangal le gluaiseaċt na Gaeilge, agus a mbáiġ le cúrsaí Gaelaċais a ṫaispeáint.

COṀ MAIṪ LEIS SEO, ṫug an t-Oireaċtas mórán spreagaḋ do scríḃneoirí agus filí agus luċt ceoil. Níl amras ar biṫ, scór bliain ó ṡin, gurb é an tOireaċtas an t-aon rud aṁáin a ḃí ag tabairt spreagaḋ do na h-aicmí sin ċun an dúċas Gaelaċ a ṡaoṫrú, agus go h-áiṫrid, i gcás scríḃneoirí, ní raiḃ aon spreagaḋ eile le h-iad a ċur i gcionn pinn. Ní h-ionann anois, leis an Club Leaḃar, agus bealaí eile, le leaḃair a ḟáil foilsiṫe, aċ, mar sin ḟéin, is táḃaċtaċ an rud an cuspóir cinnte atá insan Oireaċtas, ċun dlúṫas a ċur leis an mian scríḃneoireaċta i ndaoine.

SIN AN DÁ ĠNÉ DON OIREAĊTAS IS MÓ GUR ÉIRIĠ leo, agus is mó a ṫug sásaṁ do ḋaoine. Tá an tOireaċtas fosta in ainm a ḃeiṫ ag freastál ar an Ġaeltaċt. Tá eagla mór orainn naċ ḃfuil ann aċ freastal ainmniúil. Cuirtear an rud a dtugtar Comórtaisí Árdáin orṫa, ar siúl, ċun daoine ón Ġaeltaċt a ṫabairt ċuig an Oireaċtas i mBaile Áṫa Cliaṫ. Cuirtear comórtaisí áitiúla ar siúl ins na ceantair Gaeltaċta ar leiṫ. De ġnáṫ, siad na daoine céanna a ṫéann óna ceantair sin gaċ bliain. Caiṫeann siad cúig nó sé lá, nó seaċtain i ḃBaile Áṫa Cliaṫ. Déanann siad a gcuid scéalaíoċt, nó a gcuid aṁráin a ċeol, nó pé rud eile, aċ taoḃ amuiġ de sin, is beag caidriṁ a ḃíonn idir luċt na Gaeltaċta agus foġlaimeoirí.

DÉANTA NA FÍRINNE, TÁ AN TUAIRIM ANN, agus é ḋá noċtaḋ anseo agus ansiúd ag daoine gur saġas rud cúl-ḋorais na taispeántaisí Gaeltaċta seo, agus cibé acu tá sin fíor nó naċ ḃfuil, is fíor a rá go ḃfaiġeaḋ scéalaiṫe Gaeltaċta luċt éisteaċta deiċ n-uaire níos mó i mBéal Feirste, ná mar a ġeiḃ siad ag an Oireaċtas i mBaile Áṫa Cliaṫ. Agus sé a ḋalta sin do na comórtaisí scríḃneoireaċta atá ann do luċt na Gaeltaċta, duaiseanna beaga suaraċa a tairgtar díoḃṫa.

TÁ RUD ÉIGIN MÓR IN EASNAIṀ mar sin de, i gcúrsaí an Oireaċtais, de ṫairḃe na Gaeltaċta de. Cibé acu is féidir an rud sin a leiġeas de réir móḋ imeaċta an Oireaċtais fé láṫair, nó naċ féidir, ḃeaḋ níos mó ná Coiste an Oireaċtais féin ag teastáil, ċun caidreaṁ níos dlúṫa agus níos tairḃí a ċur ar siúl idir luċt foġlaimṫa na Gaeilge agus gnáṫ ṗobal na Gaeltaċta.

AG MAĊNAṀ AR SEO AGUS AR ĠNÉIṪE EILE DEN SCÉAL, tá daoine ann a ṁeasann, gur ċeart go mbeaḋ an tOireaċtas ionaistríṫe, mar a ḃíonn an "Eisteddfod" agus go h-áiṫrid go mbeaḋ sé ar siúl i nGaeltaċt nó i mbaile mór ar imeall na Gaeltaċta, ṫuaiḋ, ṫeas agus ṫiar, anois, agus arís. Ḃeaḋ ḋá ṫaoḃ, is dóiġe, ar an ċeist sin, aċ is ceist í a ba ċeart a ṗlé. Scéal cinnte ó ṫairḃí gaċ duine, gur beag an tionċar atá ag an Oireaċtas ar Gaelú gnáṫ ṡaol Ḃaile Áṫa Cliaṫ, cuir i gcás, aċ is cinnte go mbeaḋ tionċar an ṁór ag imeaċtaí coicíse mar an tOireaċtas, i mbaile mar Cill Áirne, nó Tráiġlí, nó Gailliṁ, nó Leitir Ceanainn féin, cuir i gcás. Agus seans go leaṫnóḋ an spreagaḋ agus an tuiscint nua ar ċúrsaí Gaelaċais a ṫiocfaiḋ ó Oireaċtas i gceantar mar sin, amaċ, ní ċuig an Ġaeltaċt aċ, ċuig cuid ṁór den ċónaċas agus den ṁeán-aicme a mbíonn deiġleáil acu leis an Ġaeltaċt, agus le daċad bliain anuas, a raiḃ an deiġleáil sin acu leis an Ġaeltaċt i mBéarla.

SÉ SIN, ḊÉANFAḊ AN tOIREAĊTAS ionaistríṫe nó taisteál seo, maiṫeas don Ġaeltaċt, tré laġú nó aṫrú a ḋéanaṁ ar an Béarla atáṫar a' ropaḋ síos scórnaċ na Gaeltaċta fós. Ar scór ar biṫ, b'ḟiú do Ċoiste an Oireaċtais an scéal a ṁeáiġ.

CUIDEAĊTAN EASTÁT TIONSCLAĊ GAOṪ DÓḂAIR

Obair a Ḋéanfaḋ Coṁluċt Dá Léiṫid

Le cúig seaċtainí anuas, táimíd ag tráċt ar eastáit tionsclaċ i dtíorṫa na hEoraipe, agus san tír seo—cúrsaí riaraċáin agus an obair a ní siad—agus an ceann somplaċ ag an tSionainn.

D'féidir nár ṁiste dúinn an tseaċtain seo, tosaiġ ar slí eile, agus aṁarc ar cad a ḋéanfaḋ cuideaċtan tionsclaċ i gCloiċeannaola nó i nGaoṫ Doḃair.

Sé an ċéad rud a ḃeaḋ le déanaṁ, nó aire na Gaeltaċta bille a ṫabairt isteaċ go Dáil Éireann a mbeaḋ an tiodal air "bille cuideaċtan eastáit tionsclaċ Ċloiċeannaola," nó Gaoṫ Doḃair, agus níor ġá go mbeaḋ mórán ar biṫ san bille. Aċ aṁáin ag bunú na cuideaċtan seo, agus ag rá go mbeaḋ capital nó airgeadas, de ṁéid cuí aige, agus ag socrú gurb iad na cuspóirí a ḃeaḋ ag an ċuideaċtan nó eastáit tionsclaċ a ḃunú, in áit ḟoirstíneaċ idir Cloiċeannaola agus Gaoṫ Doḃair, agus an eastáit a ḃainistíoċt agus a stiúraḋ.

Leanfaí ansin ag cur síos ar na cuspóirí seo go speisialta, agus na aiḋmneanna a ḃeaḋ le baint amaċ ag an ċuideaċtain. Ḃeaḋ sé de ċúram air mar ċuideaċtain, liostáil a ḋéanaṁ ar iomlán na n-oiḃríṫeoirí i gCloiċeannaola agus i nGaoṫ Doḃair, agus an Ġaeltaċt mórṫimpeall, sa ḃaile anois, nó a ḃeaḋ sásta filleaḋ ċoṁ lua agus a ḃeaḋ obair le fáil. Ansin, ḃeaḋ orṫa liostáil a ḋéanaṁ ar na h-oiḃríṫe Gaeltaċta ins na Rosa, agus in Árainn Ṁór, agus suas go Gleann Ḟinne, agus fiú isteaċ go Rosgoill, idir oiḃríṫe sa ḃaile agus oiḃríṫe ṫar sáile a ḃeaḋ a' fanaċt le teaċt na ḃaile nuair a ḃeaḋ obair ar fáil.

Ḃeaḋ ant-eolas seo réiḋ acu do tionsclóirí ansin, ċoṁ lua agus a ṫarrainġeóḋ siad tionscail. Ċaiṫfeaḋ an cuideaċtan tosaiġ ar roġnú a ḋéanaṁ ar ionad don eastáit, agus ansin tosnú ar an ionad sin a ḟorbairt agus na bun seirḃísí agus seirḃísí dúsraiṫe, atá ag teastáil, a ṡoláṫar.

Raċaḋ siad i mbun gnó ansin ag staidéar ar an saġas tionscail a mbeaḋ buntáiste ar leiṫ acu san ċeantar, agus na cineál monarcain a ḃeaḋ ag teastáil dá leiṫéid, agus raċaḋ siad ar aġaiḋ le leagan amaċ plean cinnte ansin, fá ċoinne tógáil na monarcan seo, déiḋ ar ndéiḋ, san dóiġ go mbeaḋ siad ann ullaṁ agus réiḋ, agus na seirḃísí a ba ġá ag dul leo, ċoṁ lua agus a d'eireóḋ leo tionsclóirí a ṫarraingt 'un na h-áiṫe.

Tarraċ Tionsclóirí

San am ċéanna a ḃeaḋ an obair seo ar siúl, ḃeaḋ rannóg eile den ċuideaċtain ag obair go dian agus go díċeallaċ ag brú, agus ag cur ċun cinn buntáistí an ċeantair seo, agus an eastáit tionsclaċ seo do ṫionsclóirí.

Ḃeaḋ siad ar lorg tionsclóirí in aċan tír a ḃfuil tionsclóirí ⁊ airgeadas ar fáil acu, agus iad ag iarraiḋ gnó a ċur ar bun. Nuair a ḋéanfaḋ siad teangṁáil le tionsclóirí, ḃéarfaḋ siad 'un na h-áiṫe iad, d'innseóḋ siad dóiḃṫa an méid oiḃríṫe a ḃí ar fáil san áit, agus an scil agus an ċéardaíoċt a ḃí acu.

Buntáistí

Ċuirfeaḋ siad ar a súile dóiḃṫa buntáistí agus na tairḃí eile a ḃí le fáil ón Rialtas, na deontaisí agus saoirsí ó cáin agus dleaċtanna, agus ċoṁ maiṫ leis sin, ṫaispeáinfeaḋ siad buntáistí na h-áiṫe de ṫairḃe scoltaċa agus eile, agus ċuirfeaḋ ar na súile dóiḃṫa, go réiteóḋ an cuideaċtan gaċ uile rud a ḃain le seirḃísí agus uile.

Caḃrú le Moltaí

Ḃeaḋ ċuile ṡeans ansin go mbeaḋ tionsclóirí ag teaċt go tiuġ go leor, agus ag socrú ar tionscail a ḃunú insan áit. Nuair a ḃeaḋ na moltaí acu óna tionsclóirí, ċaḃróḋ siad le iad a ċur os coṁair Fóras Tionscail, ⁊ na deontaisí cuí a ḟáil dóiḃṫa, ⁊ na barrantáis a d'fágfaḋ saor ó cánaċa iad ar feaḋ an tréiṁse ba ṁó ab' ḟéidir. Ċaḃróḋ siad leis na tionsclóirí le oiḃríṫe a ḟáil agus a ḟostú agus ḃéarfaḋ siad treor agus coṁairle do na tionsclóirí ar Gaeilgeoirí a ḟáil mar bainisteoirí agus fó-ḃainisteoirí, agus ins na postanna a mbeaḋ deiġleáil acu leis an ṗobal, aċ go h-áiṫrid. Sé sin go mbeaḋ siad ag caḃrú agus fiú aṁáin ag taḃairt deontaisí dá mba ġá, le costas breise ar biṫ a ḃeaḋ ag baint le stiúrú na monarcan tré Ġaeilge, a ġlanaḋ.

Monarcain ar Cíos

Nuair a ḃeaḋ na moltaí i gcionn a ċéile, ḃeaḋ monarcan feiliúnaċ ullaṁ ag an eastáit le suí ar cíos réasúnta leis na tionsclóirí, agus ní ḃeaḋ ag na tionsclóirí aċ dul isteaċ insan monarcan a ḃeaḋ glacṫa ar cíos acu, agus dul i gcionn gnó. Ḃeaḋ an eastáit tionsclaċ ann ar fad le ceisteanna idir iad agus a gcuid oiḃríṫe do réitiú agus go h-áiṫrid. Le ceisteanna faoi seirḃísí poiblí mar uisce agus bóiṫre agus teileafón agus post eile, ceisteanna go ḃfuil an géar ġá leo san am i láṫair, i nDún na nGall, a réitiú, ar ċaoi a ċuirfeaḋ ar ċumas tionsclóirí a gcuid oibre a ḋéanaṁ go h-éifeaċtúil.

Obair D'Ḟir

Ḃeaḋ sé mar ḋualgas cinnte ar an eastáit tionsclaċ féaċaint ċuige ar gaċ slí ab' ḟéidir, le cinntiú gur fir 60 p.c. ar a laġaḋ de na h-oiḃríṫe a ḃeaḋ ar fostaíoċt insan eastáit tionsclaċ, mar sin an p.c. is lú fear atá ag teastáil le bunús ceart geilleagraċ a ṫabairt do ċeantar. Dá mbeaḋ an iomaḋ tionscail do ċailíní ag teaċt, níor ṁór don ċuideaċtan féaċaint ċuige le ċuile ḃeartaíoċt dob' ḟéidir a ḋéanaṁ le tionscail agus monarcain a ṫabairt 'un na h-áiṫe a ḃéarfaḋ obair do ḟir, agus a ḃeiṫ i gcónaí ag coinneáil os a gcoṁair, go gcaiṫfeaḋ siad 60 p.c. do obair fear a ḃeiṫ san ṁonarcan.

Taisteál Oiḃríṫe

Coṁ maiṫ leis sin, ḃeaḋ an cuideaċtan freagarṫaċ as cúrsaí eile mar tiṫíoċt aċ, ní ḃeaḋ mórán trioblóid le cúrsaí tiṫíoċt i nGaoṫ Doḃair ná Cloiċeannaola, mar tá na daoine cleaċtaiṫe ar a gcuid tiṫe féin a tógáil.

Mar an gcéanna, ní ḃeaḋ mórán ceisteanna le scoltaċa ná tiṫe pobail — tá siad ann ċeana.

(Ar lean. ó leat. 3)

Caiṫfear Rátaí a Ċoṫromú

"Tá cás cinnte fá ċoinne ciste coṫramaiṫe rátaí a ḃunú," adúirt Eoin Mac Aoḋa, Caṫair na Mart, ag cruinniú de Ċoṁairle Co. Ṁuiġeo i gCaisleán an Ḃarraiġ, Dé Saṫairn, agus iad ag plé cuntaisí na bliana. "Tá ḟios againn," adúirt an tUasal Mac Aoḋa, go ḃfuil aic-me daoine ag léirsiú inniu faoi na rátaí."

Tá daonra mór le freastal orṫa insan ċondae seo, seirḃísí sláinte, agus faid an ṁór bóṫair le coṫú, agus iad na rudaí is cúis lenár gcuid rátaí a ḃeiṫ ċoṁ h-árd.

Tá cás cinnte fá ċoinne córas éigin coṫromaiṫe rátaí. Má leagann na feilméaraí béim ar an pointe ceart anseo beiḋ fáilte againne roiṁe

Caiṫfiḋ muid an seirḃís sláinte agus seirḃísí bóṫar a ḃeiṫ againn agus forbairt éigin i gcúrsaí gairmscolaíoċt. Caiṫfiḋ muid aġaiḋ a ṫaḃairt ar na h-ualaí seo, ċuile ḃliain ag cruinniú na Meastaċán, agus ṁoṫaiġ mise go raḃamar ag cur ualaċ ró ṫrom ar ár bpobal leis na seirḃísí seo. Tá an ráta árd ag coinneáil seirḃísí ró íseal.

D'aḋṁaiġ agus d'aontaiġ gaċ ball den ċoiste go raiḃ ualaċ na rátaí ró ṫrom ar an Ċoṁairle Ċontae.

Arsa M. Ó Finn—Táṫar ag iarraiḋ orainn £1m. de uastarraingt a ṫógáil.

12000 Feilméara ag Léirsiú

Ḃí os cionn 12,000 feilméaraí ag léirsiú ar ṡráideanna Ċaisleán an Ḃarraiġ Dé Doṁnaiġ seo ċaite faoi Ċumann na ḃFeilméaraí. Ḃíodar ag iarraiḋ coṫromú ar an rátaí, agus ísliú ar na rátaí ró-árda insan Iarṫar, agus ar na rudaí eile a ḃí siad ag iarraiḋ, gléas forbarṫa caoirí sléiḃe, seirḃísí coṁairliṫe níos fearr do na feilméaraí san Iarṫar, níos mó cáirde airgeadais do na feilméaraí; órd margaíoċta le torṫaí na ḃfeilmeaċa a díol agus ábhar coṫaiṫe ainmniṫe a ḃeiṫ le fáil san Iarṫar ar an luaċ céanna agus a ḃí san cuid eile den tír.